

# Bréagchúirt Chuimhneacháin An Onóraigh Cearbhall Ó Dálaigh

**Dlí coiriúil - dúnmharú - actus reus - slabhra cúisíochta - beart leanúnach amháin**

## Sa Chúirt Achomhairc Choiriúil

### An Stiúrtóir Ionchúiseamh Poiblí v Mac Uí Shé

Thóg *Mac Uí Shé Ó Dónaill* go bothán ag barr aille áit ar bhuail *Mac Uí Shé Ó Dónaill* ar an gcloigeann le barra iarainn. Thit *Ó Dónaill* láithreach gan lúth gan aithne. Cheap *Mac Uí Shé* go raibh *Ó Dónaill* marbh agus rith sé leis agus scanradh air. Uair a chloig dá éis sin tháinig *Ó Dónaill* chuige féin arís. Ó tharla go raibh pian air - cé nár phian rómhór a bhí ann - chinn sé nach dtiocfadh leis í a sheasamh agus chaith sé é féin le haill chun deireadh a chur leis an bpian trí lámh a chur ina bhás féin. Tar éis uair a' chloig eile bhí *Mac Uí Shé* ag siúl feadh bhun na haille agus tháinig sé ar *Ó Dónaill* a bhí ag fáil bháis de réir cosúlachta. Bhí iontas air agus ó tharla gur tháinig aiféala air theastaigh uaidh cabhrú le *Ó Dónaill*. D'fhiafraigh sé de *Ó Dónaill* ar mhaith leis ceann de na piollaí maolaithe péine a bhíodh ag *Mac Uí Shé* i gcónaí i gcomhair a riachtanais féin. Dúirt *Ó Dónaill* gur mhaith. Bhí tuairim is fiche tábléad i mbuidéal a thóg *Mac Uí Shé* amach as a phóca. Bhain sé an stopallán as agus, go tobann, sula raibh *Mac Uí Shé* in ann é a stopadh, rug *Ó Dónaill* greim ar an mbuidéal agus shlog sé siar a raibh ann. Go gairid ina dhiaidh sin fuair *Ó Dónaill* bás, ní de thoradh na ngortuithe a bhain do ach de thoradh an iomarca taibléidí a thógáil.

Bhí an méid seo a leanas i gcoimriú an Bhreithimh Ó Lúnaigh don ghiúiré:

"Níl aon fhianaise ann chun a chinneadh go raibh ag *Mac Uí Shé* aon tráth tar éis dó imeacht ón mbothán an *mens rea* ba leor mar bhonn le ciontú i ndúnmharú. Tá fianaise ann, áfach, a d'fhéadfaidh sibh a chinneadh dá réir, go raibh rún aige *Ó Dónaill* a mharú nuair a bhuail sé é sa bhothán. Is bunriail den dlí é nach mór an staid intinne (i.e. sa chás seo, rún a bheith ag duine marú a dhéanamh) agus an gníomh is cúis leis an mbás a bheith ann i gcomhráth lena chéile. Is féidir libhse a chinneadh gurbh é ba chúis leis an mbás - agus an t-aon chúis amháin a bhí leis - ná an iomarca taibléidí a bheith tógtha ag an éagach. Má chinneann sibh sin, tig libh fíoras dúnmharaíthe a thabhairt más rud é, agus más rud é amháin, go measann sibh gur chuid d'aon bheart leanúnach amháin gníomh *Mhic Uí Shé* sa bhothán agus a ghníomh níos mó ná dhá uair a' chloig ina dhiaidh sin ar an trá.

Os a choinne sin, tig libh - b'fhéidir gur cheart daoibh - a chinneadh nárbh é an rud a tharla ar an trá an t-aon chúis amháin a bhí leis an mbás agus gurbh é gníomh *Mhic Uí Shé* sa bhothán ba chúis leis nó a bhí ina chúis shubstantiúil agus ina chúis oibrithe. Is é an fáth go ndeirim "b'fhéidir gur chóir daoibh" ná, de réir an dlí, nach mór do *Mhic Uí Shé*, nuair a bhuaileann sé duine, déileáil leis an duine sin mar atá sé. Mar sin, más duine é a ngoileann pian air go mór agus a mbíonn cathú air (gan réasún, fiú amháin) é féin a mharú le nach mbeidh air fulaingt a thuilleadh, is dona an scéal é do *Mhic Uí Shé*. Ní cosaint é do *Mhic Uí Shé* a rá go raibh cinneadh an duine ar bhuail sé é neamhréasúnach más gníomh *Mhic Uí Shé* ba chúis leis an gcinneadh sin.

A ghiúróirí, fágaim fúibhse a chinneadh (a) an raibh gníomh *Mhic Uí Shé* sa bhothán ina chúis shubstaintiúil oibrithe le bás *Uí Dhónaill* agus, muna raibh, (b) an raibh gníomhartha *Mhic Uí Shé* sa bhothán agus ar an trá ina bheart leanúnach amháin.

Má dhéanann sibh cinneadh dearfach i gcás aon cheann de na ceisteanna sin is ceart daoibh *Mac Uí Shé* a chiontú i ndúnmharú ar choinníoll go raibh rún ag *Mac Uí Shé Ó Dónaill* a mharú ag an nóiméad ar bhuail sé buille air sa bhothán..."

Déanann *Mac Uí Shé* achomharc i gcoinne an chiontaithe i ndúnmharú ar na forais seo a leanas:-

1. gur chuir an Breitheamh Ó Lúnaigh an giúiré amú nuair a dúirt sé gurbh fhéidir gníomhartha *Mhic Uí Shé* sa bhothán agus ar an trá a mheas mar chuid d'aon bheart leanúnach amháin;
2. gur chuir an Breitheamh Ó Lúnaigh an giúiré amú nuair a dúirt sé nach bhféadfadh gníomhartha *Uí Dhónaill*, tar éis dó imeacht ón mbothán, a bheith ina *novus actus interveniens* lenar briseadh an slabhra cúisíochta.